An Roinn Oideachais
Department of Education

Chuig: Príomhoidí na nIar-bhunscoileanna, Cathaoirligh bhoird bhainistíochta na n-iar-bhunscoileanna agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna

Pleanáil Chun Cinn do sholáthar ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna

A Phríomhoide/Chathaoirligh/Phríomhoifigigh,

Táim ag scríobh chugat maidir leis an bpleanáil chun tosaigh do na ranganna speisialta a bhfuil an Roinn Oideachais ag iarraidh iad a chur chun cinn sna hiar-bhunscoileanna. Tá sé mar aidhm chomhroinnte againn go léir atá ag obair in earnáil an oideachais a chinntiú go bhfuil oideachas cuí á sholáthar againn do gach leanbh agus duine óg. Le dhá bhliain anuas, bhí an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) ag tabhairt faoi roinnt tionscnaimh straitéiseacha nua chun dóthain áiteanna i ranganna speisialta a sholáthar inár mbunscoileanna agus inár n-iar-bhunscoileanna. Bhí an obair sin indéanta mar gheall ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhar idir scoileanna, ceannairí scoile, boird bhainistíochta agus comhlachtaí pátrúnachta/iontaobhais scoile. D'fhéadfadh soláthar ranganna speisialta nua an difríocht a dhéanamh idir teacht a bheith ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar an oideachas agus dá réir sin cead a thabhairt dóibh barr a gcumais a bhaint amach nó sin fanacht i suíomh a d'fhéadfadh a bheith mí-oiriúnach dá gcuid riachtanas.
Sampla amháin de thionscnamh den chineál sin is ea go bhfuil roinnt ranganna speisialta san áireamh anois i ngach tionscadal tógála scoile nua agus i ngach mórthionscadal méadaithe agus iad ina mbunsaoráidí mar chuid den tionscadal tógála.

Ag an bpointe seo, tá 2,546 rang speisialta san iomlán ceadaithe ag an CNOS; tá 1,804 díobh sin ag leibhéal na bunscoile agus 742 ag leibhéal na hiar-bhunscoile. De réir mar a bhogann scoláirí trínár mbunscoileanna agus ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil, beidh riachtanas ann do líon suntasach ranganna speisialta nua ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Faoi láthair, tá an Roinn agus an CNOS agus iad ag tógáil ar an obair fhorleathan phleanála atá déanta le blianta beaga anuas, ag tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar na sonraí atá ar fáil chun bonn eolais a chur faoinár n-obair réamhaisnéisithe maidir leis an leibhéal riachtanais do ranganna speisialta nua i gcóras na hiar-bhunscoile don scoilbhliain 2023/2024 agus ina dhiaidh sin. Cruthóidh sé sin réamhaisnéis maidir leis an riachtanas ag leibhéal an cheantair pleanála scoile áitiúil. I dtaca leis sin, d'éascaigh an Roinn agus an CNOS seisiún eolais le déanaí do chomhlachtaí bainistíochta iar-bhunscoileanna agus do chomhlachtaí pátrúnachta/iontaobhais maidir leis an obair seo.

Is eol don Roinn agus don CNOS go bhfuil áiteanna i ranganna speisialta san iar-bhunscoil de dhíth, ní hamháin do scoláirí atá ag aistriú ó ranganna speisialta sa bhunscoil, ach freisin do scoláirí atá ag aistriú ó ranganna príomhshrutha sa bhunscoil agus ó ranganna príomhshrutha san iar-bhunscoil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil soláthar suntasach breise de ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna de dhíth ar bhonn náisiúnta. Ní thiocfaidh an t-

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 90 648 4187 | communicationsunitSP@education.gov.ie
www.gov.ie/education

éileamh sin chun cinn i ngach scoil do mhí Mheán Fómhair 2023, ach oibreoidh an Roinn agus an CNOS le scoileanna maidir le huainiú an tsoláthair ar fud na tíre chun freastal ar an leibhéal éilimh do ranganna speisialta de réir mar a thagann sé chun cinn.

Tá an Roinn agus an CNOS den tuairim go mbeidh sé riachtanach ranganna speisialta a bheith sna hiar-bhunscoileanna go léir sna trí bliana go cúig bliana amach romhainn agus dá bhrí sin ní mór dúinn oibriú le chéile agus pleanáil a dhéanamh chun an soláthar tábhachtach seo a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ag an bpointe seo, fad agus atá an Roinn agus an CNOS ag cur na hoibre maidir le héileamh a réamhaisnéisiú don scoilbhliain 2023/2024 agus ina dhiaidh sin chun cinn ag leibhéal an cheantair pleanála scoile áitiúil, táimid ag iarraidh go ndéanfadh na hiar-bhunscoileanna go léir breithniú ar an mbealach a bhféadfaidís tacú leis an tionscnamh tábhachtach seo.
Le linn mhí na Samhna, tá sé beartaithe ag an Roinn agus ag an CNOS teagmháil bhreise a dhéanamh le comhlachtaí bainistíochta scoile agus le comhlachtaí pátrúnachta maidir leis an éileamh ar ranganna speisialta ag leibhéal na hiar-bhunscoile agus tabharfaidh an Roinn an t-eolas is déanaí faoin dul chun cinn sna seachtainí seo amach romhainn.

Mar is gnách, tá an CNOS ar fail chun cúnamh a thabhairt duit leis an mbreithniú ar an gceist seo agus chun tacú le hiar-bhunscoil ar bith a bhfuil rang speisialta nua á oscailt aici.

Mar chúnamh do scoileanna, tá doiciméad atá ullmhaithe ag an Roinn agus ag an CNOS iniata mar eolas duit, ina leagtar amach réimse tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthraítear do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta á n-oscailt acu.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leat as ucht an t-am a ghlacadh chun an t-ábhar tábhachtach seo a bhreithniú.

Martin McLoughlin
Principal Officer

An Rannóg Oideachais Speisialta
27 Deireadh Fómhair 2022